Novel (Urscealta)

Irish Past Exam Questions

Higher Level

2012

Paper Two - Section 1 - Question 2B

2B Maidir leis an sliocht as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an bpríomhthéama atá ann, agus ar fhorbairt an phríomhthéama sin sa sliocht.

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

2010

Paper Two > Section 1 > Question 2 > Part B(a + b)

(a) MÁIRE NIC ARTÁIN (40 marc)

(i) "Is éifeachtach an léiriú a dhéantar san úrscéal *Máire Nic Artáin* ar an tionchar a bhíonn ag an gné ghránna den saol ar aigne shoineanta an duine óig."

An ráiteas sin a phlé.

nó

(ii) "Is éifeachtach an léiriú a thugtar dúinn ar chúlra polaitiúil agus creidimh Bhéal Feirste agus ar an tionchar atá ag an gcúlra sin ar imeachtaí an úrscéil *Máire Nic Artáin*."

An ráiteas sin a phlé.

(b) ÚRSCÉAL ROGHNACH (40 marc)

(i) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan cur síos ar thréimhse áirithe i saol na príomhphearsan agus ar an tionchar atá ag an tréimhse sin ar a c(h)aidreamh le mórphearsa eile san úrscéal.

Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

nó

(ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an tionchar a bhíonn ag eachtraí áirithe ar mhianta agus ar aislingí na príomhphearsan ann.

Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

2009

Paper Two > Section 1 > Question 2 > Part B(a + b)

(a) MÁIRE NIC ARTÁIN (40 marc)

(i) "Ceann de na gnéithe is spéisiúla den úrscéal *Máire Nic Artáin* is ea an léiriú a dhéantar ann ar óige Mháire."

An ráiteas sin a phlé.

nó

(ii) "Tá léargas maith le fáil san úrscéal *Máire Nic Artáin* ar an eascairdeas idir Caitlicigh agus Protastúnaigh i dTuaisceart Éireann."

An ráiteas sin a phlé.

(b) ÚRSCÉAL ROGHNACH (40 marc)

(i) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan cur síos ar an gcaidreamh idir **bheirt** de na **príomh**phearsana ann.

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

nó

(ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar thréimhse áirithe i saol na **príomh**phearsan agus ar na hathruithe a tharla ann.

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

2008

Paper Two > Section 1 > Question 2 > Part B(a + b)

(a) MÁIRE NIC ARTÁIN (40 marc)

(i) "Bíonn tionchar tragóideach ag an gcaidreamh idir Máire agus a deartháir Eoin ar shaol na beirte araon."

Déan plé ar fhírinne an ráitis sin ón méid fianaise atá san úrscéal *Máire Nic Artáin*.

nó

(ii) "Tá páirt thábhachtach ag na mionphearsana i bhforbairt phlota an úrscéil *Máire Nic Artáin*."

An ráiteas sin a phlé maidir le do rogha **beirt** de na pearsana seo a leanas:

Roibeard Mac Giolla Ruaidh; Bríd Ní Chonghaile; Diní Ó hAilpín; Gilbert Leaslaoi.

(b) ÚRSCÉAL ROGHNACH (40 marc)

(i) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan cur síos ar an gcaidreamh a bhí idir **bheirt** de na **príomh**phearsana ann.

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

nó

(ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an tionchar a bhí ag **beirt** de na **mion**phearsana ar fhorbairt an úrscéil.

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

2007

Paper Two > Section 1 > Question 2 > Part B(a + b)

(a) MÁIRE NIC ARTÁIN (40 marc)

(i) An t-úrscéal *Máire Nic Artáin* a mheas faoi **dhá cheann** de na ceannteidil seo a leanas:

(a) suíomh an scéil (b) forbairt an phlota (c) casadh tobann sa scéal
(d) gné den scéal nár thaitin leat.

nó

(ii) "Uaireanta bíonn trua againn do Mháire; uaireanta eile bímid mífhoighneach léi."

An tuairim sin a phlé i bhfianaise an úrscéil *Máire Nic Artáin*.

(b) ÚRSCÉAL ROGHNACH (40 marc)

(i) An t-úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air a mheas faoi **dhá cheann** de na ceannteidil seo a leanas:

(a) suíomh an scéil (b) forbairt an phlota (c) casadh tobann sa scéal
(d) gné den scéal nár thaitin leat.

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

nó

(ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an ráiteas seo a leanas:

"Is iontach mar a spreagann **príomhcharachtar amháin** sa scéal mothúcháin éagsúla ionainn ina leith." Is leor **dhá** mhothúchán a phlé.

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]